Camino de Santiago - Turas chun na Spáinne

Tús: Bhí lá na cinniúna tagtha! Bhíomar ar ar mbealach chun na Spáinne ar oilithreach *Camino de Santiago*. D'fhágamar aerphort Bhaile Atha Cliath ar a seacht a chlog ar maidin agus shroicheamar aerphort Madrid timpeall a naoi a chlog. Fuaireamar eitleán eile ó Madrid agus ansin thógamar traein.

An lá dar gcionn thosaíomar ar an turas fada – *Camino de Santiago.*

B'éigean dúinn trí céad agus ochtó cúig cileamadair a dhéanamh. Bhí an rothaíocht go híontach ach bhí sé an-dian. Bhí an suipéar go dona agus bhí an bricfeasta an mhaidin dar gcionn, níos measa fós!! Chuaigh ocht nduine is fiche ó mo bhliain agus bhí siad go léir go deas agus bhí siad greannmhar. Bhí na múinteoirí an-deas freisin ach bhí mé i dtrioblóid cupla uair leis An tUasal Ó Briain mar cheap sé go raibh me ag pleidhcíocht agus ag iarraí a bheith i mo fhear grinn. Ar an lámh eile, áfach, bhí Bean Ui Dholáin an-deas ar fad. Bhí an tUasal Mac Donncha an-ghreannmhar uaireanta ach bhí an tUasal Ó Briain an-fheargach in amanna!

B'é an rud ab fhearr ná siúl síos go dtí an baile istoíche le mo cháirde. Bhí an-chraic go deo againn ar an mbealach agus istigh sa bhaile. Bhí gach duine ag gáire agus ag caint.B'iad ceann de na rudaí ab fhearr ná dul go dti baile difriúil gach uile oíche.

Lá amháin bhí muid ag rothaíocht anuas cnoc agus bhí muid ag rothaíocht go h-an tapa agus tharla timpist do Bhrain Ó Ruairc. Thit sé den rothar agus bhí sé ag cur fola go trom. Agus le barr a chuir air, bhris sé a lámh freisin. B'éigean dó dul go dtí an oispidéal agus bhí an-trua agam dó. D'éirigh gach duine neirbhíseach agus thosaigh muid go léir ag moilliú mar go raibh sé chomh ar fheabhas ach ní raibh sé ábalta rothaíocht arís.

Bhí an turas ar fheabhas ar fad agus tá áthas an domhain orm go ndeachaigh mé air.

Ruaidhrí Mac Cárthaigh